Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10580/26**

**LIMITE**

**CORLX 631**
**CFSP/PESC 924**
**RELEX 847**
**COEST 479**
**FIN 889**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1485 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1485 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis[1], agus go háirithe Airteagal 17(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

1 IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1485.

(2) An 15 Meán Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Rapóirtéir Speisialta maidir le staid chearta an duine i gCónaidhm na Rúise, a cheap Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, tuarascáil dar teideal 'Situation of human rights in the Russian Federation' [Staid chearta an duine i gCónaidhm na Rúise]. Cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil go raibh údaráis na Rúise ag leanúint d'úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun srian a chur leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, leis an rochtain ar fhaisnéis agus leis an tsaoirse comhlachais.

(3) An 16 Márta 2026, thug Leas-Bhuanionadaí an Aontais Eorpaigh chuig na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile sa Ghinéiv ráiteas thar ceann an Aontais faoi chuimsiú an 61ú Seisiún de Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Leis an ráiteas sin, cáineadh go neamhbhalbh na sáruithe leanúnacha atá á ndéanamh ag an Rúis ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta san Úcráin, mar shampla príosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh atá á gcoinneáil a chur chun báis go hachomair, coinneáil threallach, úsáid chórasach fhorleathan céastóireachta agus cineálacha eile drochíde, lena n-áirítear éigniú agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe eile a bhaineann le coinbhleacht.

(4) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé go géar na sáruithe ar chearta an duine agus an cos ar bolg sa Rúis.

PUBLIC

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 11 dhuine nádúrtha agus 5 eintiteas a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/1485 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas léi faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '88. | Elena Gennadyevna BAGUDINA<br>(Rúisis: Елена Геннадьевна БАГУДИНА) | Post: Ard-Stiúrthóir Communication Platform LLC<br>Dáta breithe: 11.3.1954<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is í Elena Bagudina Ard-Stiúrthóir Communication Platform LLC, ar fochuideachta é de chuid VK (ar a dtugtaí VKontakte roimhe seo) agus arb í forbróir agus bainisteoir an fheidhmchláir fón póca Max í, feidhmchlár a fhaigheann tacaíocht ón stát. Ina post mar Ard-Stiúrthóir, tá sí freagrach as feidhmchlár Max a fhorbairt agus a bhainistiú. Rinne an tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB) maoirseacht ar fhorbairt fheidhmchlár Max, lenar bunaíodh na ceanglais nár mhór d'fhorbróirí fheidhmchlár Max a chomhlíonadh. Ní mór feidhmchlár Max a réamhshuiteáil ar gach fón póca agus táibléad a dhíoltar sa Rúis, agus tá sé comhtháite leis an tseirbhís Gosuslugi. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | De réir go leor saineolaithe, tá gnéithe fairsinge faireachais ag feidhmchlár Max agus is féidir leis faireachán a dhéanamh ar chumarsáid, lena n-áirítear úsáid líonraí príobháideacha fíorúla (VPNanna), sonraí a bhailiú maidir le feidhmchláir eile atá suiteáilte ar fhóin, faireachán a dhéanamh ar leabhair seoltaí, suíomh na n-úsáideoirí a shainaithint agus nuashonruithe uathrialacha a shuiteáil. In éineacht le tabhairt isteach agus cur chun cinn fheidhmchlár Max ag stát na Rúise, rinneadh cniogbheartaíocht ar fheidhmchláir neamhspleácha eile agus cuireadh bac orthu, feidhmchláir amhail WhatsApp agus Telegram, chomh maith le feachtas chun teorainn a chur le húsáid VPNanna, rud a chuir ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhar ar cuireadh bac air sa Rúis.<br><br>Bhí faisnéis a bhailigh údaráis na Rúise trí fheidhmchlár Max mar bhonn chun fíneáil a ghearradh ar shaoránach Rúiseach as ábhar a postáladh ar an bhfeidhmchlár.<br><br>Dá bhrí sin, tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag Elena Bagudina chun cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt chun gníomhartha den chineál sin a dhéanamh agus chun iad a éascú. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 89. | Dmitry Valerianovich GACHKO<br><br>(Rúisis: Дмитрий Валерьянович ГАЧКО) | Post: Ard-Stiúrthóir agus úinéir tairbhiúil VAS Experts<br><br>Dáta breithe: 16.8.1976<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann | Is é Dmitry Gachko Ard-Stiúrthóir agus úinéir tairbhiúil na cuideachta faoi dhliteanas teoranta VAS Experts, a mhonaraíonn, a fhorbraíonn agus a dhíolann crua-earraí agus bogearraí a bhaineann leis an gCóras um Bearta Imscrúdaitheacha Oibriúcháin (SORM), mar a thugtar air. Ina phost mar Ard-Stiúrthóir agus úinéir tairbhiúil, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí VAS Experts a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a bhaineann le SORM a mhonarú agus a sholáthar.<br><br>Is córas faireachais é SORM a úsáidtear ó bhí lár na 1990idí ann chun cumarsáid idirlín agus cumarsáid mhóibíleach sa Rúis a rialú, is é sin faireachán a dhéanamh ar ghlaonna gutháin, ríomhphoist, úsáid an idirlín, teachtaireachtaí téacs, agus líonraí sóisialta. Tá ceangal dlíthiúil ar sholáthraithe fón póca agus idirlín SORM a shuiteáil. Tá sé suiteáilte i ngach lárionad sonraí Rúiseach agus ag gach pointe malartaithe idirlín agus i mórinnill chuardaigh. Déantar trácht úsáideoirí a chóipeáil chuig freastalaí ar leith nó chuig lárionad sonraí atá ar fáil don tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB).<br><br>Bailíonn SORM faisnéis faoi shuíomh fisiceach úsáideoirí, patrúin ghníomhaíochta úsáideoirí, am úsáide an gléas, iompraíocht úsáideoirí agus úsáid cártaí SIM éagsúla i ngléas amháin nó níos mó. Is féidir é a úsáid go cúlghabhálach agus i ngan fhios don soláthraí. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Baineadh úsáid as SORM chun díriú ar iriseoirí, ar dhaoine ón bhfreasúra, ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghnáthshaoránaigh. Baineadh úsáid as freisin chun lucht tacaíochta fhreasúra na Rúise, ceannairí amhail Alexei Navalny, eagraithe agóidí, daoine aonair a reáchtáil cuntais idirlín a cháin údaráis na Rúise nó a chuir tuarascálacha ar fáil maidir leis an staid pholaitiúil agus gníomhaithe a chuir i gcoinne an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin a ionchúiseamh. Baineadh úsáid as SORM freisin chun daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun gníomhaíochtaí frithrialtais a choinneáil roimh ré. Bhí tionchar mór ag SORM ar chumas shaoránaigh na Rúise rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhchlaonta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin. Baineadh úsáid as freisin chun bac a chur ar thrácht ó na mílte suíomh gréasáin agus seirbhísí san Iarthar agus chun bac a chur ar rochtain orthu. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá baint ag VAS Experts le SORM a fhorbairt, a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí atá comhtháite i líonraí teileachumarsáide, rud a chuireann ar chumas gníomhaireachtaí faisnéise rochtain a fháil ar an trácht ar fad. Is príomhsholáthróir de chuid SORM é VAS Experts a chomhlíonann ceanglais idircheaptha arna sainordú ag FSB agus a thacaíonn le hoibriú bhonneagar faireachais cumarsáide na Rúise. Feidhmíonn VAS Experts laistigh de chreat arna bhunú agus arna mhaoirsiú ag údaráis na Rúise. Formheasann na húdaráis sin ceanglais theicniúla maidir le himscaradh SORM, ceanglaíonn siad ar oibreoirí pleananna cur chun feidhme a chomhordú, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus úsáid a bhaint as an trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí idircheaptha dhírigh. Dá bhrí sin, forbraíonn agus soláthraíonn VAS Experts trealamh atá deartha go sonrach chun ceanglais faireachais arna mbunú ag FSB a chomhlíonadh.<br><br>Dá bhrí sin, tá Dmitry Gachko ag tabhairt tacaíocht ábhartha chun sháruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus mí-úsáidí tromchúiseacha a bhaint astu agus chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 90. | Sergey Anatolevich OVCHINNIKOV<br>(Rúisis: Сергей Анатольевич ОВЧИННИКОВ) | Post: Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus úinéir tairbhiúil Closed Joint-Stock Company 'Norsi Trans'<br>Dáta breithe: 5.5.1955<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Sergey Ovchinnikov Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus úinéir tairbhiúil Closed Joint-Stock Company 'Norsi-Trans', a mhonaraíonn, a fhorbraíonn agus a dhíolann crua-earraí agus bogearraí a bhaineann leis an gCóras um Bearta Imscrúdaitheacha Oibriúcháin (SORM), mar a thugtar air. Ina phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus mar úinéir tairbhiúil, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí 'Norsi-Trans' a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a bhaineann le SORM a mhonarú agus a sholáthar.<br>Is córas faireachais é SORM a úsáideadh ó bhí lár na 1990idí ann chun cumarsáid idirlín agus cumarsáid mhóibíleach sa Rúis a rialú, is é sin faireachán a dhéanamh ar ghlaonna gutháin, ríomhphoist, úsáid an idirlín, teachtaireachtaí téacs, agus líonraí sóisialta. Tá ceangal dlíthiúil ar sholáthraithe fón póca agus idirlín SORM a shuiteáil. Tá sé suiteáilte i ngach lárionad sonraí Rúiseach agus ag gach pointe malartaithe idirlín, agus i mórinnill chuardaigh. Déantar trácht úsáideoirí a chóipeáil chuig freastalaí ar leith nó chuig lárionad sonraí atá ar fáil don tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB).<br>Bailíonn SORM faisnéis faoi shuíomh fisiceach úsáideoirí, patrúin ghníomhaíochta úsáideoirí, am úsáide an ghléis, iompraíocht úsáideoirí agus úsáid cártaí SIM éagsúla i ngléas amháin nó níos mó. Is féidir é a úsáid go cúlghabhálach agus i ngan fhios don soláthraí. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Baineadh úsáid as SORM chun díriú ar iriseoirí, ar dhaoine ón bhfreasúra, ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghnáthshaoránaigh. Baineadh úsáid as freisin chun lucht tacaíochta fhreasúra na Rúise, ceannairí amhail Alexei Navalny, eagraithe agóidí, daoine aonair a reáchtáil cuntais idirlín a cháin údaráis na Rúise nó a chuir tuarascálacha ar fáil maidir leis an staid pholaitiúil agus gníomhaithe a chuir i gcoinne an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin a ionchúiseamh. Baineadh úsáid as SORM freisin chun daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun gníomhaíochtaí frithrialtais a choinneáil roimh ré. Bhí tionchar mór ag SORM ar chumas na Rúise rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhchlaonta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin. Baineadh úsáid as chun bac a chur ar thrácht ó na mílte suíomh gréasáin agus seirbhísí san Iarthar agus chun bac a chur ar rochtain orthu. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá baint ag Norsi-Trans le SORM a fhorbairt, a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí atá comhtháite i líonraí teileachumarsáide, agus dá bhrí sin, a chuireann ar chumas gníomhaireachtaí faisnéise rochtain a fháil ar an trácht ar fad. Áirítear le SORM trealamh faireacháin a shuiteáiltear i saoráidí soláthraithe teileachumarsáide. Soláthraíonn an trealamh faireacháin sin faisnéis chuig gníomhaireacht faisnéise rialtas na Rúise, lena n-áirítear ar ghlaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist agus trácht idirlín. Le SORM, éascaítear freisin rochtain ar shonraí cumarsáide a bhaineann le feidhmchlár teachtaireachtaí, meiteashonraí, uimhreacha móibíleacha, aitheantóirí teileafóin, geoshuíomh, ainmneacha, seoltaí ríomhphoist agus seoltaí IP. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Is príomhsholáthróir de chuid SORM é Norsi-Trans a chomhlíonann ceanglais idircheaptha arna sainordú ag FSB agus a thacaíonn le hoibriú bhonneagar faireachais cumarsáide na Rúise. Feidhmíonn Norsi-Trans laistigh de chreat arna bhunú agus arna mhaoirsiú ag údaráis na Rúise. Formheasann na húdaráis sin ceanglais theicniúla maidir le himscaradh SORM, ceanglaíonn siad ar oibreoirí pleananna cur chun feidhme a chomhordú, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus úsáid a bhaint as an trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí idircheaptha dhírigh. Dá bhrí sin, forbraíonn agus soláthraíonn Norsi Trans trealamh atá deartha go sonrach chun ceanglais faireachais arna sainiú ag FSB a chomhlíonadh.<br><br>Dá bhrí sin, tá Sergey Ovchinnikov ag tabhairt tacaíocht ábhartha chun sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus mí-úsáidí tromchúiseacha a bhaint astu agus chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 91. | Mikhail Mikhailovich FOMIN<br><br>(Rúisis: Михаил Михайлович ФОМИН) | Post: Stiúrthóir Feidhmiúcháin LLC Citadel<br><br>Dáta breithe: 22.3.1981<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann | Is é Mikhail Fomin Stiúrthóir Feidhmiúcháin LLC Citadel.<br><br>Feidhmíonn LLC Citadel i Moscó agus in Nizhny Novgorod agus déanann siad bogearraí agus crua-earraí a fhorbairt, a chur chun feidhme agus tugann siad tacaíocht dóibh le haghaidh an Chórais um Bearta Imscrúdaitheacha Oibriúcháin (SORM), mar a thugtar air. Is é LLC Citadel an monaróir is mó agus tuairiscítear gurb é an soláthróir crua-earraí agus bogearraí SORM is tábhachtaí sa Rúis é. Ina phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí LLC Citadel a bhaineann le crua-earraí agus bogearraí a bhaineann le SORM a mhonarú agus a sholáthar. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Is córas faireachais é SORM a úsáideadh ó bhí lár na 1990idí ann chun cumarsáid idirlín agus cumarsáid mhóibíleach sa Rúis a rialú, is é sin faireachán a dhéanamh ar ghlaonna gutháin, ríomhphoist, úsáid an idirlín, teachtaireachtaí téacs, agus líonraí sóisialta. Tá ceangal dlíthiúil ar sholáthraithe fón póca agus idirlín SORM a shuiteáil. Tá sé suiteáilte i ngach lárionad sonraí Rúiseach agus ag gach pointe malartaithe idirlín agus i mórinnill chuardaigh. Déantar trácht úsáideoirí a chóipeáil chuig freastalaí ar leith nó chuig lárionad sonraí atá ar fáil don tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB).<br><br>Bailíonn SORM faisnéis faoi shuíomh fisiceach úsáideoirí, patrúin ghníomhaíochta úsáideoirí, am úsáide an ghléis, iompraíocht úsáideoirí agus úsáid cártaí SIM éagsúla i ngléas amháin nó níos mó. Is féidir é a úsáid go cúlghabhálach agus i ngan fhios don soláthraí. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Baineadh úsáid as SORM chun díriú ar iriseoirí, ar dhaoine ón bhfreasúra, ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghnáthshaoránaigh. Baineadh úsáid as freisin chun lucht tacaíochta fhreasúra na Rúise, ceannairí amhail Alexei Navalny, eagraithe agóidí, daoine aonair a reáchtáil cuntais idirlín a cháin údaráis na Rúise nó a chuir tuarascálacha ar fáil maidir leis an staid pholaitiúil agus gníomhaithe a chuir i gcoinne an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin a ionchúiseamh. Baineadh úsáid as SORM freisin chun daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun gníomhaíochtaí frithrialtais a choinneáil roimh ré. Bhí tionchar mór ag SORM ar chumas shaoránaigh na Rúise rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhchlaonta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin. Baineadh úsáid as freisin chun bac a chur ar thrácht ó na mílte suíomh gréasáin agus seirbhísí san Iarthar agus chun bac a chur ar rochtain orthu.<br><br>Tá baint ag LLC Citadel le SORM a fhorbairt, a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí atá comhtháite i líonraí teileachumarsáide, agus dá bhrí sin, a chuireann ar chumas gníomhaireachtaí faisnéise rochtain a fháil ar an trácht ar fad. Áirítear le SORM trealamh faireacháin a shuiteáiltear i saoráidí soláthraithe teileachumarsáide. Soláthraíonn an trealamh faireacháin sin faisnéis chuig gníomhaireacht faisnéise rialtas na Rúise, lena n-áirítear ar ghlaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist agus trácht idirlín. Éascaítear le SORM freisin rochtain ar shonraí cumarsáide a bhaineann le feidhmchlár teachtaireachtaí, meiteashonraí, uimhreacha móibíleacha, aitheantóirí teileafóin, geoshuíomh, ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist agus seoltaí IP. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Is príomhsholáthróir de chuid SORM é LLC Citadel a chomhlíonann ceanglais idircheaptha arna sainordú ag FSB agus a thacaíonn le hoibriú bhonneagar faireachais cumarsáide na Rúise. Feidhmíonn LLC Citadel laistigh de chreat arna bhunú agus arna mhaoirsiú ag údaráis na Rúise. Formheasann na húdaráis sin ceanglais theicniúla maidir le himscaradh SORM, ceanglaíonn siad ar oibreoirí pleananna cur chun feidhme a chomhordú, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus úsáid a bhaint as an trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí idircheaptha dhírigh. Dá bhrí sin, forbraíonn agus soláthraíonn LLC Citadel trealamh atá deartha go sonrach chun ceanglais faireachais arna sainiú ag FSB a chomhlíonadh.<br><br>Dá bhrí sin, tá Mikhail Fomin ag tabhairt tacaíocht ábhartha chun sháruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine agus mí-úsáidí tromchúiseacha a bhaint astu agus chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘92. | Alexander Vladimirovich GNUTOV<br><br>(Rúisis: Александр Владимирович ГНУТОВ) | Post: Ceann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10 (ó 2024 i leith);<br><br>Iar-Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10 (ó 2022 go 2024)<br><br>Dáta breithe: 9.8.1980<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Pasuimhir: 6100202615 | Is é Alexander Gnutov Ceann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10 atá suite i sráidbhaile Udarny i gCeantar Zubovo-Polyansky i bPoblacht na Mordóive. Sa phost sin, déanann sé maoirseacht dhíreach ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10 agus tá sé freagrach astu, agus theip air cosaint chearta agus sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil agus caomhnú an oird phoiblí ann a chinntiú. Dá bhrí sin, tá Alexander Gnutov freagrach as an mí-úsáid a bhaineann na baill foirne as na príosúnaigh i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá na céadta Úcránach, idir phríosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh, a gabhadh ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil á gcoinneáil i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. Labhraíonn iar-chimí ar an íde mhídhaonna tháireach agus ar an gcéasadh a dhéantar inti lena n-áirítear turraingí leictreacha, greadadh, staidiúirí struis agus na hothrais thrófacha is toradh dóibh, foréigean gnéasach, básuithe bréige agus diúltú cúraim leighis. Caitear le sibhialtaigh ar an gcaoi chéanna agus a chaitear leis na príosúnaigh cogaidh agus coinnítear gan triail gan stádas iad. Tá tuairisc tugtha ag cosantóirí i réimse chearta an duine ó 2012 i leith faoi na dálaí mídhaonna agus an céasadh a dhéantar i gCoilíneacht Phionósach 10, i gcás príosúnaigh Rúiseacha chomh maith.<br><br>Dá bhrí sin, tá Alexander Gnutov freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 93. | Alexei Vladimirovich ANASHKIN<br><br>(Rúisis: Алексей Владимирович АНАШКИН) | Post: Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10<br><br>Dáta breithe: 9.6.1978<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Pasuimhir: 8902524698 | Is é Alexei Anashkin Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10, atá suite i sráidbhaile Udarny i gCeantar Zubovo-Polyansky i bPoblacht na Mordóive. Sa phost sin, déanann sé maoirseacht dhíreach ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10 agus tá sé freagrach astu agus theip air cosaint chearta agus sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil agus caomhnú an oird phoiblí a chinntiú ann. Dá bhrí sin, tá Alexei Anashkin freagrach as an mí-úsáid a bhaineann na baill foirne as na príosúnaigh i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá na céadta Úcránach, idir phríosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh, a gabhadh ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, á gcoinneáil i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. Labhraíonn iar-chimí ar an íde mhídhaonna tháireach agus ar an gcéasadh a dhéantar inti lena n-áirítear turraingí leictreacha, greadadh, staidiúirí struis agus na hothrais thrófacha is toradh dóibh, foréigean gnéasach, básuithe bréige agus diúltú cúraim leighis. Caitear le sibhialtaigh ar an gcaoi chéanna agus a chaitear leis na príosúnaigh cogaidh agus coinnítear gan triail gan stádas iad. Tá tuairisc tugtha ag cosantóirí i réimse chearta an duine ó 2012 i leith faoi na dálaí mídhaonna agus an céasadh a dhéantar sa tsaoráid sin, i gcás príosúnaigh Rúiseacha chomh maith.<br><br>Dá bhrí sin, tá Alexei Anashkin freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 94. | Egor Viktorovich AVERKIN<br>(Rúisis: Егор Викторович АВЕРКИН) | Post: Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10<br>Dáta breithe: 8.10.1992<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 8912267789 | Is é Ivan Egor Averkin Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10 atá suite i sráidbhaile Udarny i gCeantar Zubovo-Polyansky i bPoblacht na Mordóive. Sa phost sin, déanann sé maoirseacht dhíreach ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10 agus tá sé freagrach astu agus theip air cosaint chearta agus sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil agus caomhnú an oird phoiblí a chinntiú ann. Dá bhrí sin, tá Egor Averkin freagrach as an mí-úsáid a bhaineann na baill foirne as na príosúnaigh i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá na céadta Úcránach, idir phríosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh, a gabhadh ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, á gcoinneáil i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. Labhraíonn iar-chimí ar an íde mhídhaonna tháireach agus ar an gcéasadh a dhéantar inti lena n-áirítear turraingí leictreacha, greadadh, staidiúirí struis agus na hothrais thrófacha is toradh dóibh, foréigean gnéasach, básuithe bréige agus diúltú cúraim leighis. Caitear le sibhialtaigh ar an gcaoi chéanna agus a chaitear leis na príosúnaigh cogaidh agus coinnítear gan triail gan stádas iad. Tá tuairisc tugtha ag cosantóirí i réimse chearta an duine ó 2012 i leith faoi na dálaí mídhaonna agus an céasadh a dhéantar sa tsaoráid sin, i gcás príosúnaigh Rúiseacha chomh maith.<br><br>Dá bhrí sin, tá Egor Averkin freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 95. | Alexander Anatolevich GRISHANIN<br><br>(Rúisis: Александр Анатольевич ГРИШАНИН) | Post: Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10<br><br>Dáta breithe: 6.10.1991<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Pasuimhir: 8911222216 | Is é Alexander Grishanin Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10, atá suite i sráidbhaile Udarny i gCeantar Zubovo-Polyansky i bPoblacht na Mordóive. Sa phost sin, déanann sé maoirseacht dhíreach ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10 agus tá sé freagrach astu agus theip air cosaint chearta agus sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil agus caomhnú an oird phoiblí a chinntiú ann. Dá bhrí sin, tá Alexander Grishanin freagrach as an mí-úsáid a bhaineann na baill foirne as na príosúnaigh i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá na céadta Úcránach, idir phríosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh, a gabhadh ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, á gcoinneáil i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. Labhraíonn iar-chimí ar an íde mhídhaonna tháireach agus ar an gcéasadh a dhéantar inti lena n-áirítear turraingí leictreacha, greadadh, staidiúirí struis agus na hothrais thrófacha is toradh dóibh, foréigean gnéasach, básuithe bréige agus diúltú cúraim leighis. Caitear le sibhialtaigh ar an gcaoi chéanna agus a chaitear leis na príosúnaigh cogaidh agus coinnítear gan triail gan stádas iad. Tá tuairisc tugtha ag cosantóirí i réimse chearta an duine ó 2012 i leith faoi na dálaí mídhaonna agus an céasadh a dhéantar sa tsaoráid sin, i gcás príosúnaigh Rúiseacha chomh maith.<br><br>Dá bhrí sin, tá Alexander Grishanin freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 96. | Semyon Viktorovich KUZNETSOV<br>(Rúisis: Семен Викторович КУЗНЕЦОВ) | Post: Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10<br>Dáta breithe: 18.11.1982<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 79271857062 | Is é Semyon Kuznetsov Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10, atá suite i sráidbhaile Udarny i gCeantar Zubovo-Polyansky i bPoblacht na Mordóive. Sa phost sin, déanann sé maoirseacht dhíreach ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10 agus tá sé freagrach astu agus theip air cosaint chearta agus sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil agus caomhnú an oird phoiblí a chinntiú ann. Dá bhrí sin, tá Semyon Kuznetsov freagrach as an mí-úsáid a bhaineann na baill foirne as na príosúnaigh i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá na céadta Úcránach, idir phríosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh, a gabhadh ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, á gcoinneáil i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. Labhraíonn iar-chimí ar an íde mhídhaonna tháireach agus ar an gcéasadh a dhéantar inti lena n-áirítear turraingí leictreacha, greadadh, staidiúirí struis agus na hothrais thrófacha is toradh dóibh, foréigean gnéasach, básuithe bréige agus diúltú cúraim leighis. Caitear le sibhialtaigh ar an gcaoi chéanna agus a chaitear leis na príosúnaigh cogaidh agus coinnítear gan triail gan stádas iad. Tá tuairisc tugtha ag cosantóirí i réimse chearta an duine ó 2012 i leith faoi na dálaí mídhaonna agus an céasadh a dhéantar sa tsaoráid sin, i gcás príosúnaigh Rúiseacha chomh maith.<br><br>Dá bhrí sin, tá Semyon Kuznetsov freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 97. | Ivan Vasilyevich VESHKIN<br>(Rúisis: Иван Васильевич ВЕШКИН) | Post: Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10<br>Dáta breithe: 22.12.1991<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 8903739994 | Is é Ivan Veshkin Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 10, atá suite i sráidbhaile Udarny i gCeantar Zubovo-Polyansky i bPoblacht na Mordóive. Sa phost sin, déanann sé maoirseacht dhíreach ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10 agus tá sé freagrach astu agus theip air cosaint chearta agus sábháilteacht na ndaoine atá á gcoinneáil agus caomhnú an oird phoiblí a chinntiú ann. Dá bhrí sin, tá Ivan Veshkin freagrach as an mí-úsáid a bhaineann na baill foirne as na príosúnaigh i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá na céadta Úcránach, idir phríosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh, a gabhadh ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, á gcoinneáil i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. Labhraíonn iar-chimí ar an íde mhídhaonna tháireach agus ar an gcéasadh a dhéantar inti lena n-áirítear turraingí leictreacha, greadadh, staidiúirí struis agus na hothrais thrófacha is toradh dóibh, foréigean gnéasach, básuithe bréige agus diúltú cúraim leighis. Caitear le sibhialtaigh ar an gcaoi chéanna agus a chaitear leis na príosúnaigh cogaidh agus coinnítear gan triail gan stádas iad. Tá tuairisc tugtha ag cosantóirí i réimse chearta an duine ó 2012 i leith faoi na dálaí mídhaonna agus an céasadh a dhéantar sa tsaoráid sin, i gcás príosúnaigh Rúiseacha chomh maith.<br><br>Dá bhrí sin, tá Ivan Veshkin freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 98. | Galina Vasilievna MOKSHANOVA<br><br>(Rúisis: Галина Васильевна МОКШАНОВА) | Post: Ceann Aonad Leighis Uimh. 13, Coilíneacht Phionósach Uimh. 10<br><br>Dáta breithe: 16.1.1966<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: baineann<br><br>Pasuimhir: 8910200628 | Is é Galina Mokshanova Ceann Aonad Leighis Uimh. 13 i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10 atá suite i sráidbhaile Udarny i gCeantar Zubovo-Polyansky i bPoblacht na Mordóive. Sa phost sin, tá gníomhaíochtaí a dhéantar i seirbhísí leighis Choilíneacht Phionósach Uimh. 10 á bpleanáil, á stiúradh, á n-ordú agus á n-éascú aici. Dá bhrí sin, tá Galina Mokshanova freagrach as an mí-úsáid a bhaineann na baill foirne as na príosúnaigh i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. | [+]’. |

[+] IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá na céadta Úcránach, idir phríosúnaigh chogaidh agus sibhialtaigh, a gabhadh ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, á gcoinneáil i gCoilíneacht Phionósach Uimh. 10. Labhraíonn iar-chimí ar an íde mhídhaonna tháireach agus ar an gcéasadh a dhéantar inti lena n-áirítear turraingí leictreacha, greadadh, staidiúirí struis agus na hothrais thrófacha is toradh dóibh, foréigean gnéasach, básuithe bréige agus diúltú cúraim leighis. Caitear le sibhialtaigh ar an gcaoi chéanna agus a chaitear leis na príosúnaigh cogaidh agus coinnítear gan triail gan stádas iad. Tá tuairisc tugtha ag cosantóirí i réimse chearta an duine ó 2012 i leith faoi na dálaí mídhaonna agus an céasadh a dhéantar sa tsaoráid sin, i gcás príosúnaigh Rúiseacha chomh maith.<br><br>Dá bhrí sin, tá Galina Mokshanova freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | |

PUBLIC

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas léi faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘3. | VK<br>(ar a dtugtaí Mail.ru group, VK Company Limited roimhe seo)<br>(Rúisis: VK) | Seoladh: Moscó, 125167, Leningradsky prospekt 39, bld. 79<br>Vk.com<br>Vk company<br>INN (Uimhir aitheantais chánach Rúiseach): 3900015862<br>Uimhir aitheantais chánach (TIN): 3900015862<br>OGRN (Príomhuimhir aitheantais stáit): 1233900010585 | Tá VK ar cheann de na príomhchuideachtaí teicneolaíochta sa Rúis. Le VK, soláthraítear seirbhísí ríomhphoist agus comhrá agus reáchtáiltear feidhmchláir agus suíomh gréasáin meán sóisialta VKontakte.<br>Is é VK máthairchuideachta Communication Platform LLC, forbróir agus bainisteoir an fheidhmchláir fón póca Max a fhaigheann tacaíocht ón stát. Rinne an tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB) maoirseacht ar fhorbairt fheidhmchlár Max, lenar bunaíodh ceanglais nár mhór d’fhorbróirí fheidhmchlár Max a chomhlíonadh. Ní mór feidhmchlár Max a réamhshuiteáil ar gach fón póca agus táibléad a dhíoltar sa Rúis, agus tá sé comhtháite leis an tseirbhís Gosuslugi. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.



PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | De réir go leor saineolaithe, tá gnéithe fairsinge faireachais ag feidhmchlár Max agus is féidir leis faireachán a dhéanamh ar chumarsáid, lena n-áirítear úsáid líonraí príobháideacha fíorúla (VPNanna), sonraí a bhailiú maidir le feidhmchláir eile atá suiteáilte ar ghutháin, faireachán a dhéanamh ar leabhair seoltaí, suíomh na n-úsáideoirí a shainaithint agus nuashonruithe uathrialacha a shuiteáil. In éineacht le tabhairt isteach agus cur chun cinn fheidhmchlár Max ag stát na Rúise, rinneadh cniogbheartaíocht ar fheidhmchláir neamhspleácha eile agus cuireadh bac orthu, feidhmchláir amhail WhatsApp agus Telegram, chomh maith le feachtas chun teorainn a chur le húsáid VPNanna, rud a chuir ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhar ar cuireadh bac air sa Rúis.<br><br>Bhí faisnéis a bhailigh údaráis na Rúise trí fheidhmchlár Max mar bhonn chun fíneáil a ghearradh ar shaoránach Rúiseach as ábhar a postáladh ar an bhfeidhmchlár. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Bhain feidhmchlár Max tairbhe as baic arna bhforchur ag an rialtas ar rochtain ar iomaitheoirí san Iarthar agus ar iomaitheoirí neamhspleácha, amhail Instagram, Facebook, Telegram agus WhatsApp, rud a chuireann ar a chumas a ioncam agus a sciar den mhargadh a mhéadú.<br><br>Chomhoibrigh VK le húdaráis na Rúise a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí diansmachta atá déanta acu, lena n-áirítear trí shonraí a sholáthar dóibh maidir le húsáideoirí a sheirbhísí a phostáil ábhar inar cáineadh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin nó a phostáil ábhar eile ar chuir na húdaráis toirmeasc air.<br><br>Ghlac VK páirt freisin sa toirmeasc arna ordú ag an rialtas ar VPNanna a úsáid, trínarbh fhéidir le húsáideoirí idirlín na Rúise rochtain a fháil roimhe sin ar ábhar neamhspleách ar an idirlíon.<br><br>Dá bhrí sin, tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag VK chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfhreasúra daonlathach, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt chun gníomhartha den chineál sin a dhéanamh agus iad a éascú. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 4. | Communication Platform LLC<br>(Rúisis: Акционерное Общество Инвестиционная Компания Коммуникационная Платформа) | Seoladh: PR-KT LENINGRADSKII D. 39, STR. 79, 125167, Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>www.complatform.ru<br>mail@complatform.ru<br>INN (Uimhir aitheantais chánach Rúiseach): 9714058267<br>Uimhir aitheantais chánach (TIN): 9714058267 | Is fochuideachta de chuid VK (ar a dtugtaí VKontakte roimhe seo) é Communication Platform LLC agus is é forbróir agus bainisteoir fheidhmchlár fóin póca Max é a fhaigheann tacaíocht ón stát. Rinne an tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB) maoirseacht ar fhorbairt fheidhmchlár Max, lenar bunaíodh na ceanglais nár mhór d'fhorbróirí fheidhmchlár Max a chomhlíonadh. Ní mór feidhmchlár Max a réamhshuiteáil ar gach fón póca agus táibléad a dhíoltar sa Rúis, agus tá sé comhtháite leis an tseirbhís Gosuslugi.<br>De réir go leor saineolaithe, tá gnéithe fairsinge faireachais ag feidhmchlár Max agus is féidir leis faireachán a dhéanamh ar chumarsáid, lena n-áirítear úsáid líonraí príobháideacha fíorúla (VPNanna), sonraí a bhailiú maidir le feidhmchláir eile atá suiteáilte ar ghutháin, faireachán a dhéanamh ar na leabhair seoltaí, suíomh na n-úsáideoirí a shainaithint agus nuashonruithe uathrialacha a shuiteáil. In éineacht le tabhairt isteach agus cur chun cinn fheidhmchlár Max ag stát na Rúise, rinneadh cniogbheartaíocht ar fheidhmchláir neamhspleácha eile agus cuireadh bac orthu, feidhmchláir amhail WhatsApp agus Telegram, chomh maith le feachtas chun teorainn a chur le húsáid VPNanna, rud a chuir ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhar ar cuireadh bac air sa Rúis. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Bhí faisnéis a bhailigh údaráis na Rúise trí fheidhmchlár Max mar bhonn chun fíneáil a ghearradh ar shaoránach Rúiseach as ábhar a postáladh ar an bhfeidhmchlár.<br>Dá bhrí sin, tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag Communication Platform LLC chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt chun gníomhartha den chineál sin a dhéanamh agus iad a éascú. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 5. | VAS Experts<br>(Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью Вас Экспертс) | Seoladh: Cathair Pheadair, Avenue Liteyny 26, building a, office 5-13<br>OGRN: 1137847014337<br>INN (Uimhir aitheantais chánach Rúiseach) 7841476577 | Is é VAS Experts a mhonaraíonn, a fhorbraíonn agus a dhíolann crua-earraí agus bogearraí a bhaineann leis an gCóras um Bearta Imscrúdaitheacha Oibriúcháin (SORM), mar a thugtar air.<br>Is córas faireachais é SORM a úsáideadh ó bhí lár na 1990idí ann chun cumarsáid idirlín agus cumarsáid mhóibíleach sa Rúis a rialú, is é sin faireachán a dhéanamh ar ghlaonna gutháin, ríomhphoist, úsáid an idirlín, teachtaireachtaí téacs agus líonraí sóisialta. Tá ceangal dlíthiúil ar sholáthraithe fón póca agus idirlín SORM a shuiteáil. Tá sé suiteáilte i ngach lárionad sonraí Rúiseach agus ag gach pointe malartaithe idirlín agus i mórinnill chuardaigh. Déantar trácht úsáideoirí a chóipeáil chuig freastalaí ar leith nó chuig lárionad sonraí atá ar fáil don tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB).<br>Bailíonn SORM faisnéis faoi shuíomh fisiceach úsáideoirí, patrúin ghníomhaíochta úsáideoirí, am úsáide an ghléis, iompraíocht úsáideoirí agus úsáid cártaí SIM éagsúla i ngléas amháin nó níos mó. Is féidir é a úsáid go cúlghabhálach agus i ngan fhios don soláthraí. | + |

PUBLIC

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Baineadh úsáid as SORM chun díriú ar iriseoirí, ar dhaoine ón bhfreasúra, ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghnáthshaoránaigh. Baineadh úsáid as freisin chun lucht tacaíochta fhreasúra na Rúise, ceannairí amhail Alexei Navalny, eagraithe agóidí, daoine aonair a reáchtáil cuntais idirlín a cháin údaráis na Rúise nó a chuir tuarascálacha ar fáil maidir leis an staid pholaitiúil agus gníomhaithe a chuir i gcoinne an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin a ionchúiseamh. Baineadh úsáid as SORM freisin chun daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun gníomhaíochtaí frithrialtais a choinneáil roimh ré. Bhí tionchar mór ag SORM ar chumas shaoránaigh na Rúise rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhchlaonta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin. Baineadh úsáid as freisin chun bac a chur ar thrácht ó na mílte suíomh gréasáin agus seirbhísí san Iarthar agus chun bac a chur ar rochtain orthu.<br><br>Tá baint ag VAS Experts le SORM a fhorbairt, a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí atá comhtháite i líonraí teileachumarsáide, agus dá bhrí sin, a chuireann ar chumas gníomhaireachtaí faisnéise rochtain a fháil ar an trácht ar fad.<br><br>Is príomhsholáthróir de chuid SORM é VAS Experts a chomhlíonann ceanglais idircheaptha arna sainordú ag FSB agus a thacaíonn le hoibriú bhonneagar faireachais cumarsáide na Rúise. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Feidhmíonn VAS Experts laistigh de chreat arna bhunú agus arna mhaoirsiú ag údaráis na Rúise. Formheasann na húdaráis sin ceanglais theicniúla maidir le himscaradh SORM, ceanglaíonn siad ar oibreoirí pleananna cur chun feidhme a chomhordú, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus úsáid a bhaint as an trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí idircheaptha dhírigh. Dá bhrí sin, forbraíonn agus soláthraíonn VAS Experts trealamh atá deartha go sonrach chun ceanglais faireachais arna sainiú ag FSB a chomhlíonadh.<br><br>Dá bhrí sin, tugann VAS Experts tacaíocht ábhartha chun sáruithe a dhéanamh ar chearta an duine agus mí-úsáidí tromchúiseacha a bhaint astu agus chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfhreasúra daonlathach. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 6. | Norsi Trans<br>Dá ngairtear Closed Joint-Stock Company "Norsi-Trans" anseo feasta<br>(Rúisis: Закрытое Акционерное Общество "Норси-Транс") | Seoladh: 127015 Moscó, Bolshaya Novodmitrovskaya Street 12, building 15, floor 2, room 36<br>Dáta clárúcháin: 16.1.2003<br>OGRN: 1037700030477<br>INN (Uimhir aitheantais chánach Rúiseach) 7705051215 | Déanann Closed Joint-Stock Company "Norsi-Trans" crua-earraí agus bogearraí a bhaineann leis an gCóras um Bearta Imscrúdaitheacha Oibriúcháin (SORM), mar a thugtar air, a mhonarú, a fhorbairt agus a dhíol.<br>Is córas faireachais é SORM a úsáidtear ó bhí lár na 1990idí ann chun an t-idirlíon agus cumarsáid mhóibíleach sa Rúis a rialú, is é sin faireachán a dhéanamh ar ghlaonna gutháin, ríomhphoist, úsáid an idirlín, teachtaireachtaí téacs agus líonraí sóisialta. Tá ceangal dlíthiúil ar sholáthraithe fón póca agus idirlín SORM a shuiteáil. Tá sé suiteáilte i ngach lárionad sonraí Rúiseach agus ag gach pointe malarrtaithe idirlín agus i mórinnill chuardaigh. Déantar trácht úsáideoirí a chóipeáil chuig freastalaí ar leith nó chuig lárionad sonraí atá ar fáil don tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB).<br>Bailíonn SORM faisnéis faoi shuíomh fisiceach úsáideoirí, patrúin ghníomhaíochta úsáideoirí, am úsáide an ghléis, iompraíocht úsáideoirí agus úsáid cártaí SIM éagsúla i ngléas amháin nó níos mó. Is féidir é a úsáid go cúlghabhálach agus i ngan fhios don soláthraí. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Baineadh úsáid as SORM chun díriú ar iriseoirí, ar dhaoine ón bhfreasúra, ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghnáthshaoránaigh. Baineadh úsáid as freisin chun lucht tacaíochta fhreasúra na Rúise, ceannairí amhail Alexei Navalny, eagraithe agóidí, daoine aonair a reáchtáil cuntais idirlín a cháin údaráis na Rúise nó a chuir tuarascálacha ar fáil maidir leis an staid pholaitiúil, gníomhaithe a chuir i gcoinne an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin a ionchúiseamh. Baineadh úsáid as freisin chun daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun gníomhaíochtaí frithrialtais a choinneáil roimh ré. Bhí tionchar mór ag SORM ar chumas shaoránaigh na Rúise rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhchlaonta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin. Baineadh úsáid as freisin chun bac a chur ar thrácht ó na mílte suíomh gréasáin agus seirbhísí san Iarthar agus chun bac a chur ar rochtain orthu. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá baint ag Norsi-Trans le SORM a fhorbairt, a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí atá comhtháite i líonraí teileachumarsáide, agus dá bhrí sin, a chuireann ar chumas gníomhaireachtaí faisnéise rochtain a fháil ar an trácht ar fad. Áirítear le SORM trealamh faireacháin a shuiteáiltear i saoráidí soláthraithe teileachumarsáide. Leis an trealamh faireacháin sin, soláthraítear faisnéis chuig gníomhaireacht faisnéise rialtas na Rúise, lena n-áirítear ar ghlaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist agus trácht idirlín. Le SORM, éascaítear freisin rochtain ar shonraí cumarsáide a bhaineann le feidhmchlár teachtaireachtaí, meiteashonraí, uimhreacha móibíleacha, aitheantóirí teileafóin, geoshuíomh, ainmneacha, seoltaí ríomhphoist agus seoltaí IP.<br><br>Is príomhsholáthróir de chuid SORM é Norsi-Trans a chomhlíonann ceanglais idircheaptha arna sainordú ag FSB agus a thacaíonn le hoibriú bhonneagar faireachais cumarsáide na Rúise. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Feidhmíonn Norsi-Trans laistigh de chreat arna bhunú agus arna mhaoirsiú ag údaráis na Rúise. Formheasann na húdaráis sin ceanglais theicniúla maidir le himscaradh SORM, ceanglaíonn siad ar oibreoirí pleananna cur chun feidhme a chomhordú, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus úsáid a bhaint as an trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí idircheaptha dhírigh. Dá bhrí sin, forbraíonn agus soláthraíonn Norsi-Trans trealamh atá deartha go sonrach chun ceanglais faireachais arna sainiú ag FSB a chomhlíonadh.<br><br>Dá bhrí sin, tugann Norsi-Trans tacaíocht ábhartha chun sáruithe a dhéanamh ar chearta an duine agus mí-úsáidí tromchúiseacha a bhaint astu agus chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfhreasúra daonlathach. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 7. | LLC Citadel<br>(Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью “Цитадель”) | Seoladh: 127015 Moscó, Intra-city municipal territory municipal district Butyrsky, Novodmitrovskaya Street 2B<br>OGRN:1157746895690<br>INN (Uimhir aitheantais chánach Rúiseach): 9701012339<br>Seoladh: 603098, Nizhny Novgorod, pr. Gagarina, 50 (Korpus 9), BTS “Chiornaya Zhemchuzhina”<br>OGRN: 1055238018098<br>INN (Uimhir aitheantais chánach Rúiseach): 5260146265 | Feidhmíonn LLC Citadel i Moscó agus in Nizhny Novgorod agus déanann siad bogearraí agus crua-earraí a fhorbairt, a chur chun feidhme agus tugann siad tacaíocht dóibh le haghaidh an Chórais um Bearta Imscrúdaitheacha Oibriúcháin (SORM), mar a thugtar air. Is é LLC Citadel an monaróir is mó agus tuairiscítear gurb é an soláthróir crua-earraí agus bogearraí SORM is tábhachtaí sa Rúis é.<br>Is córas faireachais é SORM a úsáidtear ó bhí lár na 1990idí ann chun an t-idirlíon agus cumarsáid mhóibíleach sa Rúis a rialú, is é sin faireachán a dhéanamh ar ghlaonna gutháin, ríomhphoist, úsáid an idirlín, teachtaireachtaí téacs agus líonraí sóisialta. Tá ceangal dlíthiúil ar sholáthraithe fón póca agus idirlín SORM a shuiteáil. Tá sé suiteáilte i ngach lárionad sonraí Rúiseach agus ag gach pointe malartaithe idirlín agus i mórinnill chuardaigh. Déantar trácht úsáideoirí a chóipeáil chuig freastalaí ar leith nó chuig lárionad sonraí atá ar fáil don tSeirbhís Slándála Cónaidhme (FSB). Bailíonn SORM faisnéis faoi shuíomh fisiceach úsáideoirí, patrúin ghníomhaíochta úsáideoirí, am úsáide an ghléis, iompraíocht úsáideoirí agus úsáid cártaí SIM éagsúla i ngléas amháin nó níos mó. Is féidir é a úsáid go cúlghabhálach agus i ngan fhios don soláthraí. | [+]’. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Baineadh úsáid as SORM chun díriú ar iriseoirí, ar dhaoine ón bhfreasúra, ar ghrúpaí mionlaigh agus ar ghnáthshaoránaigh. Baineadh úsáid as freisin chun lucht tacaíochta fhreasúra na Rúise, ceannairí amhail Alexei Navalny, eagraithe agóidí, daoine aonair a reáchtáil cuntais idirlín a cháin údaráis na Rúise nó a chuir tuarascálacha ar fáil maidir leis an staid pholaitiúil, gníomhaithe a chuir i gcoinne an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin a ionchúiseamh. Baineadh úsáid as SORM freisin chun daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun gníomhaíochtaí frithrialtais a choinneáil roimh ré. Bhí tionchar mór aige ar chumas shaoránaigh na Rúise rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhchlaonta faoin gcogadh foghach ar an Úcráin agus baineadh úsáid as chun bac a chur ar thrácht ó na mílte suíomh gréasáin agus seirbhísí san Iarthar agus chun bac a chur ar rochtain orthu. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Tá baint ag LLC Citadel le SORM a fhorbairt, a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí atá comhtháite i líonraí teileachumarsáide, agus dá bhrí sin, a chuireann ar chumas gníomhaireachtaí faisnéise rochtain a fháil ar an trácht ar fad. Áirítear le SORM trealamh faireacháin a shuiteáiltear i saoráidí soláthraithe teileachumarsáide. Leis an trealamh faireacháin sin, soláthraítear faisnéis chuig gníomhaireacht faisnéise an rialtas na Rúise, lena n-áirítear glaonna gutháin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist agus trácht idirlín. Le SORM, éascaítear freisin rochtain ar shonraí cumarsáide a bhaineann le feidhmchlár teachtaireachtaí, meiteashonraí, uimhreacha móibíleacha, aitheantóirí teileafóin, geoshuíomh, ainmneacha, seoltaí ríomhphoist agus seoltaí IP.<br><br>Is príomhsholáthróir de chuid SORM é LLC Citadel a chomhlíonann ceanglais idircheaptha arna sainordú ag FSB agus a thacaíonn le hoibriú bhonneagar faireachais cumarsáide na Rúise. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Feidhmíonn LLC Citadel laistigh de chreat arna bhunú agus arna mhaoirsiú ag údaráis na Rúise. Formheasann na húdaráis ceanglais theicniúla maidir le himscaradh SORM, ceanglaíonn siad ar oibreoirí pleananna cur chun feidhme a chomhordú, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus úsáid a bhaint as an trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí idircheaptha dhírigh. Dá bhrí sin, forbraíonn agus soláthraíonn LLC Citadel trealamh atá deartha go sonrach chun ceanglais faireachais a chomhlíonadh.<br><br>Dá bhrí sin, tugann LLC Citadel tacaíocht ábhartha chun sáruithe a dhéanamh ar chearta an duine agus mí-úsáidí tromchúiseacha a bhaint astu agus chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfhreasúra daonlathach. | |

PUBLIC